Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16984/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0425 (NLE)**

**ECOFIN 1771**
**UEM 643**
**FIN 1571**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 787 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a fhormheas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 787 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 787 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.12.2025
COM(2025) 787 final

2025/0425 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a fhormheas**

{SWD(2025) 427 final}

2025/0425 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a fhormheas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1] , agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Ísiltír an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 8 Iúil 2022, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 4 Deireadh Fómhair 2022, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023[3], an 5 Samhain 2024[4] agus an 13 Bealtaine 2025[5].

(2) An 13 Samhain 2025, rinne an Ísiltír iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh chun Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Ísiltír.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ísiltír isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 34 bheart.

(4) Mhínigh an Ísiltír go bhfuil beart amháin nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh laistigh de thráthchlár STA, mar gheall ar mheascán de dhúshláin theicniúla agus moilleanna ar sholáthar trealaimh. Baineann sé sin le C2.2 I3 Stáisiúin chliste

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

[2] ST 12275/22 INIT; ST 12275/22 ADD 1.

[3] ST 13613/23 INIT; ST 13613/23 REV 1 (ga); ST 13613/23 ADD 1 REV 1.

[4] ST 13789/24 INIT; ST 13789/24 ADD 1 REV 1.

[5] ST 8132/25 INIT; ST 8132/25 ADD 1.

cois bóthair (iWKS). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Ísiltír go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Ísiltír go bhfuil dhá bheart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, de dheasca méaduithe gan choinne ar phraghsanna. Baineann sé sin le C1.1 I1 Gaoth amach ón gcósta agus C3.1 I1 Tionscadail tógála nua a dhíghlasáil. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Ísiltír go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Ísiltír go bhfuil beart amháin nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, mar gheall ar ghanntanais i margadh an tsaothair agus dul chun cinn tapa gan choinne san earnáil IS a mhéadaigh éilimh ar an bhfoireann. Baineann sé sin le C4.2 I1 An tSaotharlann Náisiúnta Oideachais don Intleacht Shaorga. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Ísiltír go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an Ísiltír go bhfuil trí bheart leasaithe chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme chun a huaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le C3.1 R3 Pleanáil láraithe chun soláthar tithíochta a mhéadú, C8 R1 An pacáiste um athchóiriú an mhargaidh fuinnimh, agus C4.1 R4 Dul i ngleic le féinfhostaíocht bhréagach. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír go ndéanfaí na bearta thuasluaite a leasú. Ós rud é go bhfuil údar le leasú na mbeart mar gheall ar na himthosca sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir sin.

(8) Mhínigh an Ísiltír go bhfuil 23 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le C1.1 R1 Athchóiriú ar chánachas fuinnimh, C1.1 R4 Athchóiriú ar chánachas feithiclí, C1.1 R5 an Dlí Fuinnimh, C1.1 I2 Cumhacht ghlas hidrigine, C1.1 I3 Aistriú fuinnimh ar uiscebhealaí intíre, tionscadal Seirbhísí Astaíochtaí Nialasacha (ZES), C1.1 I4 Eitlíocht i mbun Aistrithe, C1.2 I1 An Clár Dúlra, C2.1 I1 Candamach Delta NL, C2.1 I2 AI Ned agus pobail foghlama intleachta saorga feidhmí, C2.1 I3 Spreagadh don oideachas digiteach, C2.1 I4 Lóistíocht bonneagar dhigitigh, C2.2 I1 an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS), C2.2 I2 Soghluaisteacht shábháilte, chliste agus inbhuanaithe, C2.3 R1 Bainistiú faisnéise poiblí (an tAcht um Rialtas Oscailte), C2.3 I1 Bonneagar TF a athnuachan ag an Aireacht Cosanta, C3.2 I1 Scéim fóirdheontas le haghaidh inbhuanaitheacht réadmhaoin na hearnála poiblí, C4.1 R2 Árachas míchumais le haghaidh daoine féinfhostaithe, C4.1 R3 Athchóiriú ar an dara colún den chóras pinsin, C4.1 I1 Leanann an Ísiltír ag foghlaim, C4.1 I3 An buiséad uas-scilithe agus athscilithe do dhaoine dífhostaithe, C5.1 I1 Cumas acmhainní daonna a mhéadú go sealadach don chúram le linn géarchéimeanna, C6.1 R1 Beartas cánach na hÍsiltíre, C6.2 R6 Beartas frithsciúrtha airgid. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Ísiltír go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(9) Tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an Ísiltír úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh leis an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun dhá bheart nua a chur leis agus chun leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a mhéadú. Baineann sé sin le C1.1 I5 Scéim fóirdheontais le haghaidh feithiclí pearsanta leictreacha, C1.1 I6 AanZET,

Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh (C3.2 I2 agus C.8 I1). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Ísiltír go gcuirfí dhá infheistíocht nua isteach (C1.1 I5 Scéim fóirdheontas le haghaidh feithiclí pearsanta leictreacha, C1.1 I6 AanZET) agus go méadófaí leibhéal cur chun feidhme dhá bheart (C3.2 I2 agus C.8 I1). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

***Clocha míle agus spriocanna a dháileadh***

(10) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Ísiltír i láthair a chur san áireamh.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(11) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Gan dochar suntasach a dhéanamh***

(12) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sin, nach ndéanfaidh aon bheart dá leithéid dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(13) Déantar measúnú sa phlean leasaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach sa treoraíocht theicniúil a thugtar san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal 'Treoraíocht theicniúil maidir le cur i bhfeidhm 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoi Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta'[7]. Déantar an measúnú go córasach le haghaidh gach athchóirithe agus infheistíochta nua de réir an chur chuige dhá chéim. Is é conclúid an mheasúnaithe nach bhfuil aon riosca ann go ndéanfar dochar suntasach d'aon bheart nua. Áirítear leis sin dhá infheistíocht lena bhfóirdheonaítear feithiclí leictreacha agus feithiclí astaíochtaí nialasacha, agus an treoir theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' á comhlíonadh. Meastar infheistíochtaí agus athchóirithe modhnaithe de réir a gcomhlíontachta leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid nach ndéanann aon bheart dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, meastar go

---

[6] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj/gle).

[7] Fógra ón gCoimisiún — Treoraíocht theicniúil maidir le cur i bhfeidhm 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoi Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta C/2023/6454 (IO C, C/2023/111, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/111/oj)

rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(15) Tá iarrtha ag an Ísiltír go laghdófaí leibhéal cur chun feidhme beart áirithe agus go mbainfí úsáid as na hacmhainní a saoradh chun leibhéal cur chun feidhme Bheart C8 I1 Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh a mhéadú, rud a mhéadóidh na hacmhainní a leithdháiltear ar Chaibidil REPowerEU agus a rannchuideoidh a thuilleadh le cuspóirí REPowerEU, go háirithe éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus dlús a chur le glacadh fuinnimh in-athnuaite.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, 54,3 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe atá ann, agus 100 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU atá ann, costais arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(17) Tá iarrtha ag an Ísiltír go laghdófaí leibhéal cur chun feidhme beart áirithe agus go n-úsáidfí na hacmhainní a saoradh chun dhá bheart nua a chur leis, is iad sin scéim fóirdheontais C1.1 I5 Scéim fóirdheontais le haghaidh feithiclí pearsanta leictreacha agus C1.1 I6 AanZET, chomh maith leis an méadú ar leibhéal chur chun feidhme C3.2 I2 Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh. D'ainneoin go meastar go rannchuidíonn an dá infheistíocht nua le cuspóirí aeráide, is ionann na hathruithe sin agus athrú beag diúltach ar rannchuidiú an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe leis an aistriú glas. Tá na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe fós ag cur go mór leis an aistriú glas.

(18) Le beart C1.1 I5 Scéim fóirdheontais le haghaidh feithiclí pearsanta leictreacha, cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do dhaoine aonair chun feithiclí pearsanta leictreacha a cheannach nó a léasú, rud a rannchuidíonn le hastaíochtaí a laghdú. Meastar go spreagfaidh an tacaíocht airgeadais sin an tsoghluaisteacht ghlas agus go gcuirfidh sí dlús léi. Meastar go mbeidh tionchar buan ag an infheistíocht mar gheall ar fhad saoil na bhfeithiclí fóirdheonaithe agus an tionchar fadtéarmach a bheidh acu ar astaíochtaí.

(19) Le beart C1.1 I6 AanZET, soláthraítear tacaíocht airgeadais chun trucailí astaíochtaí nialasacha a cheannach. Meastar go gcuirfidh an tacaíocht airgeadais sin dlús le glacadh trucailí leictreacha, rud a chuirfidh le laghdú ar astaíochtaí. Meastar go mbeidh tionchar buan ag an infheistíocht mar gheall ar fhad saoil na dtrucailí fóirdheonaithe agus an tionchar fadtéarmach a bheidh acu ar an éileamh ar fhuinneamh.

(20) Ar deireadh, le beart C3.2 I2 Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh, cuirtear fóirdheontais ar fáil do theaghlaigh le

haghaidh roinnt idirghabhálacha chun éifeachtúlacht fuinnimh sa timpeallacht thógtha a fheabhsú. Meastar go laghdóidh na hidirghabhálacha sin an t-éileamh ar fhuinneamh agus go rannchuideoidh siad le leictriú giniúna teasa, rud a thacóidh le dícharbónú ghiniúint fuinnimh na hÍsiltíre agus le glacadh fuinnimh in-athnuaite. Meastar go mbeidh tionchar buan ag an infheistíocht mar gheall ar fhad saoil na suiteálacha fóirdheonaithe agus an tionchar fadtéarmach a bheidh acu ar an éileamh ar fhuinneamh.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 28,3 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

***Costáil***

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(23) An fhaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, tá sí mionsonraithe agus tá bunús maith léi. Thairis sin, chuir an Ísiltír doiciméid ar leithligh isteach agus orthu sin bhí tuairiscí níos críochnúla ar an modheolaíocht is bun leis na ríomhanna costais agus mínithe ar an gcaoi a mbaineann tionscadail a bhí ann roimhe seo le meastacháin chostais na mbeart leasaithe, i bhfoirm dhoiciméadachta, agus ar an mbreisíocht a ghabhann le cistiú ón Aontas i gcás inarb infheidhme. Léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin chostais agus ar an bhfaisnéis tacaíochta go bhfuil údar maith le formhór chostais na mbeart leasaithe agus nua, go bhfuil siad réasúnta agus inchreidte, agus nach gcuimsíonn siad costais a chumhdaítear le maoiniú reatha ón Aontas nó le maoiniú atá beartaithe aige. Ar deireadh, tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta. Dá bhrí sin, tá údar le rátáil B i gcás an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(24) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n- áirítear caibidil REPowerEU, is leormhaith iad (rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus táthar ag súil leis na socruithe go ndéanfar maoiniú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi cláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus

chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].

(25) Ó rinneadh an measúnú a tháinig roimh an gceann seo, bhí rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme iarbhír chóras iniúchóireachta agus rialúcháin na hÍsiltíre.

(26) I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialúcháin inmheánaigh plean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre leordhóthanach ar an iomlán. Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe nuashonrú ar an gcóras rialaithe i ndáil le coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus na cistí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á n-úsáid. Áirítear ann nuashonrú ar an modheolaíocht le haghaidh seiceálacha *ex post* rioscabhunaithe ar choinbhleachtaí leasa, go háirithe an nós imeachta chun coinbhleacht leasa a chros-seiceáil trí úsáid a bhaint as foinsí sonraí iontaofa. Tá nósanna imeachta eile fós i bhfeidhm a bhaineann le coinbhleacht leasa agus, ar bhonn níos leithne, le cosaint leas airgeadais an Aontais Eorpaigh agus meastar go bhfuil siad leordhóthanach agus láidir.

***Aon chritéir mheasúnaithe eile***

(27) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Ísiltír chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a mhéid a bhaineann le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (db), (g), (h), agus (k).

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(28) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)[9], mheas an Ísiltír gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795. Mar sin féin, mheas an Ísiltír nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le cur san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i bhfianaise mhéid teoranta an chistithe in aghaidh an tionscadail agus na ndúshlán a bhaineann le hindéantacht a áirithiú laistigh de thráthchlár STA.

***Measúnú dearfach***

---

[8] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj/gle).

[9] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj)

(29) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(30) Is é EUR 5 443 185 601 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hÍsiltíre. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Ísiltír, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hÍsiltíre, ba cheart gurb é EUR 5 441 423 046 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Ísiltír.

(31) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a ionadú go hiomlán.

(32) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí ón Aontas a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasuithe don Ísiltír a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta don Ísiltír a fhormheas mar a leanas:

---

10 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta don Ísiltír a fhormheas.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Ríocht na hÍsiltíre a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*